


# FÉILE NA CARRAIGE

PÁIRTEACHAS | POLAITÍOCHT | POBAL

13 - 21 Deireadh Fómhair 2023

13 - 21 October 2023

glór na móna

Pobal & Óige



# I GCUIMHNE AR MATT LUNDY
(1959-2023)

Tá Ceann fine caillte againn.
Faoi láthair mothaíonn an talamh faoinár gcosa míchothrom, an mothú cosúil le crith talún ina bhfuil na hiarcreathanna go fóill ag baint tuisle uainn.
Tá muid san idirlinn.
An spás idir bheocht agus bás.
Tá an t-aer timpeall orainn trom agus míchompordach.
Áit aisteach atá ceomhar agus doiléir.
Ag déanamh an damhsa idir chumha agus ceiliúradh, cumha nach féidir linn d'fhuinneamh meallacach a mhothú sa domhan seo níos mó agus ag ceiliúradh go raibh tú againn inár saolta ar chor ar bith.
Mothaíonn sé nach mbeidh an saol mar ian gcéanna arís, agus ní bheidh. Beidh lorg do bháis le mothú go deo, ach beidh lorg luachmhar do shaoil beo insan oiread sin croíthe go deo na ndeor. Spásanna atá le líonadh anois leis an inspioráid a d'fhág tú. Beidh siad líonta leis an mhaitheas agus an grá a thug tú go flaithiúil agus tú beo.
Cá bhfuil an fuinneamh sin anois, an fuinneamh a chuir muid uilig faoi gheasa? Mura dtig fuinneamh a chruthú nó a scrios, caithfidh fuinneamh chomh mór sin dul áit éigin.
Cén radharc atá agat anois a chara?
Is féidir liom tú a shamhlú le loinnir aoibhiúil ar d'aghaidh, tú ar bís go bhfaca tú romhainn é agus tú réidh leis na scéalta a roinnt linn ar fad.
Réidh chun muid a threorú ar an chéad aistear draíochtúil eile.
Is cinnte go bhfuil an bhunchloch éagothrom faoinár gcosa ach rud amháin atá bhfuil mé cinnte de, tiocfaidh an t-am nuair a mhothaíonn an dúshraith sin socair arís nó is tusa a leag síos é dúinn.
Codladh sámh a Mhatha
Airímid uainn thú go mór

***NUALA NÍ SCOLLÁIN***



## IN MEMORY OF MATT LUNDY

(1959-2023)

We've lost a Chieftain
At the moment the ground beneath our feet feels unsteady, like there's been an earthquake and the aftershocks are still tripping us up.
We're at the in-between stage. In-between Life and death.
The air around us feels heavy and uncomfortable.
A strange foggy place where nothing seems clear.
Doing the dance between grief and celebration, grief that we can't feel your enchanting energy in the world anymore and celebrating that we had you in our lives at all.
It feels like life will never be the same again, and it won't. The empty space your death has left will be felt forever, but the precious imprint of your life will live on in so many hearts. The empty spaces to be filled now with the inspiration you've left behind. Spaces to be filled with the goodness and love you gave so generously while you were here.
Where is that energy now, the energy that put us all under your spell? If energy can't be created or destroyed, energy that big has to go somewhere.
What's your view now a chara?
I can just picture you beaming with delight. Excited that you seen it before us and ready to share the stories with us all. Ready to guide us on the next magical journey.
The foundation definitely feels uneven under our feet but one thing's for sure there will come a day when it will feel steady again, because it was you who laid it for us.
Oíche mhaith a Mhaitiú
We miss you so much

*NUALA NÍ SCOLLÁIN*



## FRANTZ FANON

*"Come, then, comrades, the European game has finally ended; we must find something different. We today can do everything, so long as we do not imitate Europe, so long as we are not obsessed by the desire to catch up with Europe. Europe now lives at such a mad, reckless pace that she has shaken off all guidance and all reason, and she is running headlong into the abyss; we would do well to avoid it with all possible speed. The Third World today faces Europe like a colossal mass whose aim should be to try to resolve the problems to which Europe has not been able to find the answers. But let us be clear: what matters is to stop talking about output, and intensification, and the rhythm of work. No, we do not want to catch up with anyone. What we want to do is to go forward all the time, night and day, in the company of Man, in the company of all men. So, comrades, let us not pay tribute to Europe by creating states, institutions and societies which draw their inspiration from her. Humanity is waiting for something other from us than such an imitation."*




## FOCAL BROLLAIGH
### Foreword

Le duilleoga dathúla ar chasadh agus fuacht fionnuar san aer, tá teacht ní hamháin ar an Fhómhar, ach ar Fhéile na Carraige chomh maith agus clár spreagúil agus spleodrach do 2023 ina bhfuil ár mana Páirteachas, Polaitíocht, Pobal sáite in achan imeacht! Is bliain eile é 2023 d'fhás agus forbairt i nGlór na Móna agus pobal na Gaeilge i gcoitinne agus déanann muid ceiliúradh ar an ghníomhú agus na héachtaí a baineadh amach ar na mallaibh agus tugann muid aitheantas do na cora cinniúnacha sa stair i mbliana fosta. Bhain an feachtas pobalbhunaithe ó Bhaile Uí Mhurchú, Donate4Dáithí, Dlí Dáithí amach ag tús na bliana – comhghairdeas mór lenár ndlúthchairde Seph, Máirtín agus Dáithí. Tchífidh sibh na dathanna Glas, Dubh, Dearg agus Bán fite fuaite san Fhéile i mbliana i ndlúthpháirtíocht leis an Phalaistín agus mar cheiliúradh ar an nasc úr idir Glór na Móna agus an tIonad Lajee i gCampa Aida, scaifte misniúil atá ag déanamh sárobair ar son na cosmhuintire ansin in éadan an choilíneachais.

Rachaidh airgead bailithe ag an Oíche Phalaistíne, ar an tSatharn 14ú Deireadh Fómhair i dtreo an ionaid agus an giom pobail ACLAÍ Palestine atá ag tabhairt dóchas do phobal faoi léigear. Ceiliúrann Conradh na Gaeilge 130 bliain ar an fhód i mbliana agus léirigh ráiteas Dhubhghlas De hÍde, bunaitheoir an Chonartha, fá 'dhíghalldú na hÉireann' an géarghá leis an díchoilíniú atá fós le baint amach in Éirinn.

Tá ceist an choilíneachais in Éirinn go mór i mbéal an phobail faoi láthair. Tá an uasaicme pholaitiúil agus na meáin nuachta ó thuaidh agus ó dheas ar buile tar éis na mílte duine óga a chluinstin ag canadh amhráin phoblachtánacha ag Féile an Phobail agus Electric Picnic leis na grúpaí Kneecap agus The Wolfe Tones. Ní hé móradh an fhoréigin a chuireann isteach orthu i ndáiríre, ach an rud is measa ná go léiríonn seo go bhfuil tóir ag daoine óga na hÉireann ar an poblachtánachas agus stair fhuascailteach na nGael. Is cinnte go mbeidh na teachtaireachtaí agus éiteas díchoilínithe céanna ar taispeáint ag Gig na Féile s'againn – chomh maith le hoíche lán de chraic agus

spraoi – leis na grúpaí úra Gaeilge Na Shan Vans agus Torby, Niamh Nic Ionnrachtaigh agus na ceoltóirí cumhachtacha Seán-Nóis as Ard Mhacha Theas, Bláithín Mhic Cana agus Piarás Ó Lorcáin a bheas uilig ar an ardán an Satharn 21ú Deireadh Fómhair i nGort na Móna CLG.

Cruthaíonn Féile na Carraige spásanna orgánacha cruthaitheacha do mhuintir an phobail teacht le chéile chun smaoineamh faoi na bealaí chun muid féin a eagrú agus tréimhsí fuascailte na staire a athmhúnlú ins an lá atá inniu ann. Chuige sin, beidh ceardlann ar mhalartú teanga – Gaeilge agus Araibis – ar siúl ar an Luan 16ú chun cúpla focal agus stair na dteangacha a fhoghlaim. Tá lúcháir orainn ár ndlúthpháirtíocht leis an fheachtas ón bhun aníos 'Flip the Script' a neartú arís i mbliana le comhrá idir ár gcairde Siobhán McCallin agus Sara Boyce ar an chnuasach dán nua Shiobhán 'Awakening M.E.' ar an Luan 16ú agus beidh comhrá spreagúil leis an tSíciatraí Chriticiúil iomráiteach, an Dr Pat Bracken, a labhróidh faoin ghéarghá le cur chuige nua daonna maidir leis an tsláinte mheabhrach ar an Chéadaoin 18ú in Ionad Naomh Comhghall.

Tá an Ghaeilge i lár an aonaigh i mBéal Feirste arís maidir le comharthaí dátheangacha a bheas ag dul in airde i Sólann Olympia, ceantar comhroinnte, tar éis feachtas An Dream Dearg, feachtas rathúil díchoilínithe a bhfuil breis is 20,000 duine mar bhall de, Gaeilgeoirí óga spreagúla den chuid is mó. Saol trí Ghaeilge atá uainn agus cuirfear seo chun cinn san Fhéile le himeachtaí éagsúla: léacht ar athbheochan na Gaeilge sa tréimhse chorraitheach staire idir 1981-91 leis an Chraoltóir Raidió cháiliúil Eoghan Ó Néill; Slí na Sí an Fhómhair le Gráinne Holland, plé-phainéal an-tráthúil de chuid Fís an Phobail ar 'Pleanáil Teanga in Éirinn – Foinse dóchais nó dallamullóg?'; Dianchúrsa na Gaeilge; tráth na gceist na mbunscoileanna i gColáiste Feirste; agus lá spóirt 's spraoi leis an chumann CLG díchoilínithe Laochra Loch Lao.

Lena chois sin, tá áthas an domhain orainn a fhógairt go mbeidh an Teachta Dála Eoin Ó Broin linn do Léacht Harry Holland agus é ag cíoradh fís s'aige do Chlár Claochaitheach Tithíochta in Éirinn úr ar an Déardaoin 19ú Deireadh Fómhair i nGael-Ionad Mhic Goill. Tá mórcheisteanna na Féile i mbliana ag díriú ar na dushláin agus féidearthachtaí atá os ár gcomhair mar phobal maidir le hathghiniúint teanga, Éire Aontaithe agus neodracht na tíre, ceartas eacnamaíochta trí thithíocht do chách agus cur chuige úr daonna maidir le Sláinte Mheabhrach agus ceisteanna breise nach iad. Le seachtainí beaga anuas, cailleadh gníomhaithe pobail agus díograiseoirí teanga misniúla ar nós Matt Lundy agus Rónán Mac Aodha Bhuí a thaispeáin dúinn gur gá dúinn troid ar son na Poblachta úire atá uainn. Feictear dúinn go bhfuil dualgas agus freagracht ar leith ag an ghlúin seo de dhíograiseoirí chun sochaí níos fearr a shamhlú agus a thógáil. Mar a dúirt an Fealsúnaí agus Gníomhaí Díchoilínithe, Frantz Fanon: 'Every generation must, out of relative obscurity, discover its mission, fulfill it or betray it.' Go n-éirí linn!



## FOCAL BROLLAIGH
### Foreword

As the leaves change colour and the crisp nip returns to the air, both autumn and Féile na Carraige return in unison to greet us with another inspirational and exciting programme for 2023 under the maxim of Politics, Participation and Community. This has been another year of growth and renewal for Glór na Móna and the wider Irish language community as we celebrate activism and achievements that have changed the course of recent history. The community based campaign, Donate4Daithí, emanating from the Ballymurphy area, has ensured the victorious passage of Daithí's Law earlier this year and we send our congratulations to our esteemed friends, Seph, Máirtín and Daithí.
The colours of Green, Black, Red and White are noteworthy in this year's programme as an act of solidarity with the oppressed people of Palestine and also as a celebration of the connections between Glór na Móna and the Lajee Centre in the Aida Camp. This courageous and pioneering community regeneration project does amazing work for those brave communities who struggle against Colonialism and Apartheid. Funds raised from our Palestine Solidarity night on Saturday 14th October will support the centre and the groundbreaking community gym, ACLAÍ Palestine which gives hope to those suffering under Israeli occupation. We also celebrate 130 years of Conradh na Gaeilge and the famous statement of its founder Dubhghlas de hÍde, regarding the need to 'De-Anglicise' Ireland, and its continuing relevance to the Ireland's unfinished project of Decolonisation

The question of Colonialism is in vogue again as a topic of discussion and debate amongst our people. Political elites and mainstream media outlets, north and south, are angry and frightened that thousands of young people are singing republican ballads at Féile and Phobail and Electric Picnic with acts such as Kneecap and the Wolfe Tones. It isn't the glorification of violence they fear but rather the threat of young people in Ireland listening to alternative views on republicanism and the liberatory reading on the history of Ireland.

These same sentiments and this decolonising ethos will be on stage at the Féile Gig- along with entertainment and craic- with new and emerging bands, The Shan Vans, the Rapper 'Torby', Niamh Nic Ionnrachtaigh and the powerful Seán-Nós singers from South Armagh, Bláithín Mhic Canna and Piaras Ó Lorcáin who will also take to the stage at Gort na Móna CLG on 21 October.

Féile na Carraige creates organic and creative spaces for the community to come together and think critically about how we can self-organise and recalibrate emancipatory periods in Irish history and make them to relevant for the present day. To this end, there will be a workshop on language exchange- between Irish and Arabic- on Monday the 16th October where 'cupla focal' and comparative linguistic histories will be shared. We are delighted to support the bottom-up community campaign 'A New Script' for mental health by showcasing our very own Siobhán McCallin's new poetry anthology 'Awakening ME' when she will be in conversation with Sara Boyce on her writing and activism. In addition, we are very grateful that the renowned Critical Psychiatrist Dr Pat Bracken has agreed to travel from West Cork to share his inspiring philosophy and help us envision a more humane approach to Mental Health on Wednesday 18th October in St Comhghalls at lunchtime.

The Irish language continues to shape the media debate as Bilingual signage at shared community spaces like Olympia Leisure Centre gather momentum on the heels of the successful Dream Dearg campaign where over 20,000 young Gaels marched for equality and justice. Young Gaels demand the right to live their lives through Irish and this theme emerges again in this year's programme; radio presenter Eoghán Ó Néill will deliver a lecture on his upcoming book about the language movement during the tumultuous period between 1981-91; local traditional singer and artist Gráinne Holland brings us the Autumn Slí na Sí; West Belfast Language plan Fís an Phobail are organising a topical national discussion on 'Language planning in Ireland- as source of hope or delusion'; our annual Féile na Carraige Irish language crash course for learners; a quiz for Bunscoil Children in Coláiste Feirste and the GAA blitz and fun day with our GAA club CLG Laochra Loch Lao.

We are also thrilled that Eoin Ó Broin TD will deliver our annual Harry Holland lecture where we will discuss his vision for a 'Transformative housing agenda in a new Ireland on Thursday 19th October in Gaelionad Mhic Goill. This year's festival themes focus our attention on the topical challenges and opportunities that we face such as; Language Revitalisation, a United Ireland and Irish Neutrality; socio-economic rights and the need for adequate housing for all and the urgent requirement for a more humane approach to mental health. In recent weeks, we have lost community activists and language revitalisation stalwarts such as the great Matt Lundy and Rónán Mac an Bhuí who remind us of the need to rededicate ourselves to the cause of building a new republic. In our view, this generation has a duty and responsibility to both imagine and build a radical, new society. As the renowned decolonisation activist and philosopher Frantz Fanon summarized: : 'Every generation must, out of relative obscurity, discover its mission, fulfill it or betray it.' Go n-éirí linn!



## SEOLADH NA FÉILE
### Féile Launch

Seolfar féile na bliana seo i nGael-Ionad Mhic Goill, Glór na Móna le sólaistí agus siamsaíocht chun tús beo bríomhar a chur leis an fhéile i mbliana. Beidh An t-Ardmhéara, Comhairleoir Ryan Murphy linn inár gcuideachta mar aoichainteoir leis an fhéile a sheoladh agus chun comóradh a dhéanamh ar éachtaí gníomhartha speisialta a tharla le linn na bliana seo. Cuirfear lón ar fáil.

This year's festival launch will be held in Gaelionad Mhic Goill, Glór na Móna with light refreshments and entertainment to kick the festival off with a lively start. We will have Belfast City Mayor and Councillor, Ryan Murphy as our special guest who will launch the festival this year and who will also commemorate special feats of activism which have occurred throughout the year. Lunch will be provided.

**Dé hAoine 13 Deireadh Fómhair**
**Friday 13 October**

*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*

*Am / Time: 1pm*

*Teagmháil / Contact: oifig@glornamona.com*



## DIANCHÚRSA NA FÉILE

### IRISH LANGUAGE INTENSIVE COURSE

Beidh Glór na Móna ag reáchtáil dianchúrsa lae d'Fhéile na Carraige a bheas ag freastal ar gach leibhéal: Bunrang; Meánrang; Ardrang. Cuirfear lón ar fáil.

Glór na Móna are organising a one-day intensive crash course for Irish language learners as part of Féile na Carraige that will cater for all levels: Beginner; Intermediate; Advanced. Lunch will be provided.

**Dé Sathairn 14 Deireadh Fómhair**
**Saturday 14 October**
*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am / Time: 10am - 2.30pm*
*Teagmháil / Contact: gearoidin@glornamona.com*




## ABRASIVE GAELS
## Léacht le hEoghan Ó Néill ar stair na Gaeilge i mBéal Feirste

### LECTURE BY EOGHAN Ó NÉILL ON THE HISTORY OF THE IRISH LANGUAGE IN BELFAST

Tabharfaidh an craoltóir agus an t-údar, Eoghan Ó Neill, léacht ar a leabhar ar stair Raidió Failte, "Abrasive Gaels" Stair Raidió Feirste agus Gaeil Feirste 1980-1991. Glacfaidh sé páirt i seisiún C&F ar a obair agus ar obair an stáisiúin thar na blianta. Beidh an seoladh á chraoladh beo ar Raidió Fáilte 107.1 FM agus ar líne ar www.raidiofailte.com.

The broadcaster and author, Eoghan Ó Neill will give a lecture on his book on the history of Raidió Failte, "Abrasive Gaels" Stair Raidió Feirste agus Gaeil Feirste 1980-1991. He will take part in a Q&A on his and the station's work over the years. The launch will be broadcast live on Raidió Fáilte 107.1 FM and online at www.raidiofailte.com

**Dé Sathairn 14 Deireadh Fómhair**
**Saturday 14 October**
*Áit / Venue: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*
*Am / Time: 1pm*
*Teagmháil/ Contact: eoghan@glornamona.com*



## OÍCHE PHALAISTÍNE
### PALESTINE SOLIDARITY NIGHT

Oíche lán de cheol, cultúr, bia agus craic chun airgead a bhailiú don Ionad Lajee i gCampa Aida sa Bheithil i bPalaistín. Cluinfidh muid ó stiúrthóir Lajee, Mohammad Alazzah faoi obair Lajee agus na cúinsí faoi láthair. Chomh maith leis seo beidh Ainle Ó Cairealláin linn, bunaitheoir Aclaí Palestine, chun labhairt faoin tsárobair atá deanta ag Aclaí sa champa Aida. Bígí linn! Saoirse don Phalaistín!

A night full of music, culture, food and craic to raise money for the Lajee Centre in Aida Camp, Bethlehem in Palestine. We'll hear from Lajee director Mohammad Alazzah about their work in Lajee and the current conditions there. We will also have Ainle Ó Cairealláin, Founder of Aclaí Palestine to talk about the amazing work that Aclaí have done with the people in the Aida camp Bígí linn! Free Palestine!

**Dé Sathairn 14 Deireadh Fómhair**
**Saturday 14 October**
*Áit / Venue: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*
*Am / Time: 7pm*
*Teagmháil/ Contact: laochra@glornamona.com*



## SLÍ NA SÍ AN FHÓMHAIR

le Gráinne Holland

Tabhair cuairt ar dhomhan 'na ndaoine maithe', ar an chonair sí dhraíochtúil seo ar a mbuailfaidh tú le déithe agus Bandéithe Thuatha Dé Danann; síoga draíochtúla agus miotasacha na hÉireann. Críochnaigh an chonair ar an domhan eile inar féidir le páistí páirt a ghlacadh sa chiorcal drumadóireachta.

Step into the world of the fairies or 'na daoine maithe' on this magical fairy trail experience where you will meet the Gods and Goddesses of the Tuatha Dé Danann; the magical and mythical fairy people of Ireland.  Finish the trail in the otherworld where can join a drumming circle, dance to traditional music.

**Dé Domhnaigh 15 Deireadh Fómhair**
**Sunday 15 October**
*Áit / Venue: Gáirdín an Phobail*
*Am / Time: 11am*
*Teagmháil / Contact: gearoidin@glornamona.com*




## CUMANN SCANNÁIN LOCH LAO LOCH LAO FILM CLUB:
### ‘Ukraine On Fire’ le Oliver Stone

Taispeánfar an clár faisnéise ‘Ukraine On Fire’ leis an scannánóir iomráiteach Oliver Stone le peirspictíocht mhalartach ar an athrú rialtais san Úcráin in 2014 a nochtann ról Meiriceá san eachtra chinniúnach sin. Tabharfaidh an Dr Fearghal Mac Bhloscaidh léargas ar cheist mhór shochaí na hÉireann faoi láthair agus neodracht mhíleata roimh an scannán. Fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Béarlóirí. Cuirfear fíon agus sólaistí ar fáil, bígí linn!

Film showing of ‘Ukraine On Fire’ by world renowned filmmaker Oliver Stone with an alternative perspective of the change of government in Ukraine in 2014 exposing the US government’s role in that decisive development. Dr Fearghal Mac Bhloscaidh will give an insight to an important issue right now in Ireland, military neutrality, before the film. Irish and english speakers welcome. Wine and snacks available on the night, bígí linn!

**Dé Domhnaigh 15 Deireadh Fómhair**
**Sunday 15 October**
*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am / Time: 7pm*
*Teagmháil / Contact: eoghan@glornamona.com*




## BRICFEASTA SAOR 'S GAELACH
### FREE BLACK PANTHER BREAKFAST

Cuirfear bricfeasta saor ar fáil do dhaltaí áitiúla ar an bhealach chun na scoile chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis an phobal.

Free breakfast will be provided for local school children on their way to school to show solidarity with the community.

**Dé Luain 16 Deireadh Fómhair**
**Monday 16 October**
*Áit / Venue: Coláiste Feirste*
*Am / Time: 8am*
*Teagmháil/Contact: gearoidin@glornamona.com*




## BLAISEADH GAEILGE/ARABIC
### LE PPR

Ar mhaith leat blaiseadh agus cúpla focal den Ghaeilge agus den Araibis a fhoghlaim? Bígí linn ag an cheardlann seo eagraithe i gcomhairpháirt leis an eagraíocht feachtasaíochta Participation and Practice of Rights (PPR). Cuirfear lón ar fáil.

Would you like to learn a few words of Irish and Arabic? Join us for this workshop organised in solidarity with the campaigning group Participation and Practice of Rights (PPR). Lunch provided.

**Dé Luain 16 Deireadh Fómhair**
**Monday 16 October**
*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am / Time: 12pm*
*Teagmháil/Contact: eoghan@glornamona.com*




## 'AWAKENING M.E.': SIOBHÁN MCCALLIN I GCOMHRÁ
### SIOBHÁN MCCALLIN IN CONVERSATION

Is cara mór de chuid Ghlór na Móna í Siobhán McCallin atá ag gníomhú mar chuid d'fheachtas spreagúil ón bhun aníos 'Script Úr' chun cur chuige úr a fhorbairt maidir leis an mheabhairshláinte inár sochaí. D'éirigh sí as a post mar mhúinteoir de bharr fadhbanna sláinte a bhfuil sí go fóill ag streachailt leo inniu. Tá an fhilíocht ar cheann de na leigheasanna is fearr le Siobhán agus ar na mallaibh sheol sí cnuasach filíochta 'Awakening M.E.' a scríobh sí - ábhar na cainte seo.

Siobhán McCallin is a close friend of Glór na Móna who is an activist with the inspiring grassroots campaign 'New Script' around developing a new approach to mental health in our society, moving away from asking what's wrong with you, to asking what happened to you. She retired as a schoolteacher due to severe health complications which she struggles with still. Writing poems has helped Siobhán heal and she recently launched her poetry collection 'Awakening M.E.', the topic of discussion in this event.

**Dé Luain 16 Deireadh Fómhair**
**Monday 16 October**
*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am / Time: 7pm*
*Teagmháil/Contact: feargal@glornamona.com*



## CREACHADÓIRÍ REILIGE LE SEÁN FENNELL

### GRAVEYARD RAIDERS WITH SEÁN FENNELL

**(imeacht druidte|closed event)**

**Dé Céadaoin 18 Deireadh Fómhair**
**Wednesday 18 October**
*Áit / Venue: Baile an Mhuilinn*
*Time / Am: 11am*
*Teagmháil/Contact: sfennell419@gscoil.org*




## CEARDLANN ÓIGE AR ÉIRINN AONTAITHE

### Youth Workshop on a United Ireland

**(imeacht druidte | closed event)**

Déanfar plé le daoine óga Ghlór na Móna ar cheist mhór an lae, Éire Aontaithe, agus cén cinéal sochaí a ba mhaith le daoine óga a bhunú.

Workshop focussed on Glór na Móna young people discussing the question of the day, a United Ireland, asking them what kind of society they would like to establish.

**Dé Céadaoin 18 Deireadh Fómhair**
**Wednesday 18 October**
*Áit/ Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am/ Time: 7pm*
*Teagmháil/ Contact: conchur@foramnanog.com*



## DR PAT BRACKEN I gCOMHRÁ LE HEILISH ROONEY

**'Tiocfaidh intinn fiosrach ar an bhealach cuí' - ag cothú smaointeoireacht chriticiúil chun domhan níos fearr a thógáil: Cur chuige úr ar chúrsaí Sláinte is Folláine**

## Dr Pat Bracken in conversation with Éilish Rooney

**'Curious Minds will Find a Way'- Fostering Critical Thinking to build a better world: A New Approach to Health and Well-Being**

Is síciatraí iomráiteach é Pat atá traenáilte sa leigheas, síciatracht agus fealsúnacht in Éirinn agus sa Riocht Aontaithe. Ollamh le Fealsúnacht, éagsúlacht agus Sláinte Mheabhrach a bhí ann in Ollscoil Lancashire Láir. Is ceannródaí é Pat mar 'shíciatraí criticiúil' agus tá sé i measc bunaitheoirí don Ghreasán Síciatracht Chriticiúil agus d'fhoilsigh sé go forleathan ar an ábhar. D'éirigh sé as a ról mar Stiúrthóir Cliniciúil don tSéirbhís Sláinte Mheabhrach in Iarthar Chorcaí in 2016 agus tá sé ag soláthar traenála d'oibrithe sláinte mheabhrach ar fud an domhain. Oibríonn Pat chun saineolas iad siúd le taithí saoil ar dhushláin sláinte mheabhrach a chur chun cinn agus is abhcóidí é ar chur chuige téarnaimh maidir le soláthar sláinte mheabhrach.

Pat is a renowned Psychiatrist who trained in in medicine, psychiatry and philosophy in Ireland and the UK. He was Professor of Philosophy, Diversity and Mental Health at the University of Central Lancashire. Pat is pioneering 'critical psychiatrist' and was one of the founders of the Critical Psychiatry Network and has published widely on the topic. He retired in 2016 from his post as Clinical Director of the Mental Health Service in West Cork and his since been training mental health workers around the world.  Pat works to promote the expertise of people with lived experience of mental health conditions and is an advocate of the recovery approach in mental health care.

**Dé Céadaoin 18 Deireadh Fómhair**
**Wednesday 18 October**

*Áit/ Venue: Naomh Comhghall - St Comgalls*
*Am/ Time: 12.30pm*
*Teagmháil/ Contact: sara@pprproject.org*




## PLEANÁIL TEANGA IN ÉIRINN - FOINSE DÓCHAIS NÓ DALLAMULLÓG?

Le blianta beaga anuas, tá béim faoi leith ar Phleanáil Teanga mar ghléas le cosaint agus forbairt na Gaeilge a bhuanú fud na tíre. Ag eascairt ón Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, tá ceantracha ó bhun go barr na tíre a bhfuil stádas pleanála teanga acu. San imeacht thráthúil seo, déanfar plé ar bhuntáistí na pleanála teanga ag leibhéal an phobail le samplaí ón Ghaeltacht agus ón cheantar áitiúil. Thairis sin, déanfar scagadh ar na sriantaí a bhaineann léi mar uirlis ón stát le creimeadh na teanga sa Ghaeltacht a mhaolú agus an géarghá le cur chuige comónta abhcóideachta, le todhchaí nios iomlánaíoch a mhúnlú do Phobal na Gaeilge i gcoitinne.

**Aoichainteoirí**

Conchúr Ó Giollagáin

Cuisle Nic Liam

John Prendergast

**Sa Chathaoir:** Róisín Nic Liam

**Déardaoin 19 Deireadh Fómhair**
**Thursday 19 October**
*Áit/Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*
*Am/ Time: 1pm*
*Teagmháil/ Contact: ciaran@fisanphobail*

FÍS AN PHOBAIL
PLEAN TEANGA FEIRSTE THIAR



## LÉACHT HARRY HOLLAND

**Ag Samhlú Clár Tithíochta Claochlaitheach in Éirinn Úr le hEoin Ó Broin**
**Envisioning a transformative housing agenda in a New Ireland**

Is Teachta Dála é Eoin in Iarthar Láir Bhaile Átha Cliath ó bhí 2016 ann agus tá dóchúlacht láidir go mbeidh sé mar Aire Tithíochta sa chéad rialtas eile ó dheas ar son an Rialtas nua Shinn Féin atá tuartha. Chaith sé tréimhse mar Chomhairleoir i dTuaisceart Bhéal Feirste idir 2001-2004 agus tá sé leabhar foilsithe aige ar ábhar ar nós polaitíocht na heite clé agus poblachtánachas, Gluaiseachtaí Óige i dTír na mBascach agus an Ghéarchéim Tithíochta in Éirinn

Eoin is a TD for Dublin Mid-West since 2016 and is widely tipped to be the next Housing Minister in a predicted Sinn Féin led government after the next election. He was a Belfast City Councillor for North Belfast between 2001-2004 and has published 6 books on topics such as Left Republicanism, Youth Movements in the Basque Country and Housing Crisis in Ireland.

**Déardaoin 19 Deireadh Fómhair**
**Thursday 19 October**
*Áit / Venue: Gaelionad Mhic Goill*
*Am / Time: 7:30pm*
*Teagmháil / Contact: eoghan@glornamona.com*



## CEARDLANN DÉANAMH GALLÚNAÍ LE ROBBIE Ó CLÉIRIGH AGUS MNÁ CHNOC NUA

Soapmaking workshop
by Robbie Ó Cléirigh
with Newhill Women's Group

**(imeacht druidte|closed event)**

**Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair**
**Friday 20 October**

*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*

*Am / Time: 11am*

*Teagmháil / Contact: eoghan@glornamona.com*




## LÓN MÓR AN PHOBAIL

Long-table Lunch

Déanfaidh Glór na Móna imeacht faoi leith a éascú agus a óstáil, lón an phobail. Beidh blaiseadh ar fáil den chuid is fearr do bhia na cruinne mar aon le cócaireacht áitiúil le ceiliúradh a dhéanamh ar fhómhar Ghháirdín an Phobail, atá lonnaithe ag na cuibhrinn ar bharr Pháirc na bhFál. Cuirfear fáilte roimh thabhartais agus rachaidh gach teacht isteach i dtreo 'The Kind Economy Kitchen', feachtas de chuid teifeach agus lucht iarrtha tearmainn atá ag streachailt ar son an chirt le hobair anseo.

Glór na Móna will host and facilitate a long table lunch in Gaelionad Mhic Goill bringing a variety of international and local cuisine to celebrate the harvest of Gáirdín an Phobail, the community garden on the allotments at the top of the Falls Park. Donations will be welcome on the door and all proceeds will go to 'The Kind Economy Kitchen', a campaign led by refugees and asylum seekers fighting for the right to work here.

**Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair**
**Friday 20 October**

*Áit / Venue: Gael-Ionad Mhic Goill*

*Am / Time: 1pm*

*Teagmháil / Contact: eoghan@glornamona.com*



Oíche mhór ar son
Naíonra an tSléibhe Dhuibh

## DIOSCÓ 80Í AGUS 90Í

Oíche mhór thiomsaithe airgid do Naíonra an tSléibhe Dhuibh i mBaile Uí Mhurchú. Beidh oíche iontach lán craic agus cuideachta. Beidh aoianna speisalta, margaidh dí, crannchur agus comórtas 'Pitch & Toss' ann.

**Dé hAoine 20 Deireadh Fómhair**
**Friday 20 October**

*Áit / Venue: Cumann na Méirleach*
*Am / Time: 7pm go mall*
*Táille: £5*



## LÁ SPÓIRT AGUS SPRAOI NA LAOCHRA

Laochra's Family Fun Day

Beidh Laochra Loch Lao ag éascú lá spóirt agus spraoi a bheas lonnaithe ar na páirceanna imeartha ag Spórtlann na hÉireann, Coláiste Feirste agus beidh fearadh na fáilte roimh gach ball teaghlaigh ar an lá. Beidh neart imeachtaí eile ag titim amach le sólaistí agus craic san áireamh - lá den scoth a bheas ann do dhaoine óga agus teaghlaigh i gcoitinne.

Laochra Loch Lao will be hosting a family fun day at the playing fields at Spórtlann na hÉireann. All members of the family are welcome to come along on the day and join in the fun. There will be lots of other activities happening throughout the day including refreshments, and craic. A great day out for both young people and families alike.

**Dé Sathairn 21 Deireadh Fómhair**
**Saturday 21 October**

*Áit / Venue: Spórtlann na hÉireann, Coláiste Feirste*
*Am / Time: 12:30pm*
*Teagmháil/ Contact: rosiemcnally09@gmail.com*




## BLITZ

### Mothers and Others

Bunaíodh Laochra ar Leathluas i mí Bealtaine i mbliana le cuidiú ón imreoir sinsearach, Caoimhe Ní Bhrádaigh. Cuireadh tús leis le deis a thabhairt do mhná, idir thuismitheoirí agus chairde an chumainn, triail a bhaint as an pheil agus chun aithne a chur ar dhaoine eile sa chumann ar bhonn sóisialta. Tá breis agus fiche imreoir cláraithe linn. Bíonn na seisiúin le Robbie iomlán dátheangach, mar sin de, tógann na mná nach bhfuil Gaeilge acu cúpla focal agus tugann sé seans do na Gaeilgeoirí a gcuid Gaeilge a úsáid níos minice. Beidh ár gcéad bhliots againn mar chuid d'Fhéile na Carraige agus tá sceitimíní orainn!

Laochra ar Leathluas was founded in May of this year with the help of senior player, Caoimhe Ní Bhrádaigh. It was started to give women, both parents and friends of the club, the opportunity to try football and to get to know others in the club while socializing at the same time. We have more than 20 players signed up. The sessions with Robbie are entirely bilingual, which means that some of the women are picking up a cúpla focal and others get to use their Irish more often. We are hosting and trading part in our first blitz as part of Féile na Carraige and we can't wait!

**Dé Sathairn 21 Deireadh Fómhair**
**Saturday 21 October**

*Áit / Venue: Spórtlann na hÉireann, Coláiste Feirste*
*Am / Time: 12:30pm*
*Teagmháil/ Contact: buic24@yahoo.com*




## GIG FÉILE NA CARRAIGE

**Féile na Carraige Gig**

Beidh críochimeacht na Féile ag titim amach ar oíche Shathairn ag Cumann Lúthchleas Gael Ghort na Móna le neart amhránaithe agus cumadóirí ceoil áitiúla i lár an aonaigh atá nua ar an fhód; Niamh Nic Ionnrachtaigh; Torby; agus Na Shan Vans, Bláithín Mhic Canna and Piarás Ó Lorcáin. Bígí linn le haghaidh oíche spleodrach chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhéile rathúil na bliana seo.

The closing event of this year's Festival will take place on Saturday night in the Clubroom at Gort na Móna with a great crowd of the newest local singers and songwriters performing: Niamh Nic Ionnrachtaigh; Bláithín Mhic Cana & Piarás Ó Lorcáin; Torby; and the Shan Vans. Join us for what promises to be a fantastic night of entertainment to celebrate the end of another successful festival.

**Dé Sathairn 21 Deireadh Fómhair**
**Saturday 21 October**
*Áit/Venue: CLG Gort na Móna*
*Am / Time: 8pm – Mall*
*Teagmháil/Contact: gearoidin@glornamona.com*

FÉILE NA CARRAIGE

PÁIRTEACHAS | POLAITÍOCHT | POBAL

glór na móna
Pobal & Óige

Comhairle Chathair Bhéal Feirste
ultach
Foras na Gaeilge
ea Education Authority
The Rank Foundation a pebble in the pond
COMMUNITY FUND